Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13901/23

LIMITE

SCH-EVAL 217
COSI 173
CRIMORG 129
ENFOPOL 422
JAI 1298
FRONT 311
ASIM 91
MIGR 328
CATS 56
COPEN 356
RELEX 1172
COMIX 447

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Staid fhoriomlán limistéar Schengen - an choireacht trasteorann a chomhrac, go háirithe smuigleáil imirceach |

Is bagairt mhór fós an choireacht eagraithe trasteorann ar dhea-fheidhmiú limistéar Schengen. Thug Comhairle Schengen le fios i mí an Mheithimh 2023 nach mór dlús a chur le comhrac na coireachta trasteorann, tromchúisí agus eagraithe in 2023-2024.

Is mór agus is rómhór fós an bhagairt a éiríonn as coireanna lena mbaineann smuigleáil nó dúshaothrú daoine (lena n-áirítear leanaí), mar shampla smuigleáil imirceach, cineálacha éagsúla gáinneála ar dhaoine agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, agus is mó an díobháil a dhéantar do dhaoine leochaileacha. Éiríonn dúshláin shuntasacha maidir le bainistiú éifeachtach ár dteorainneacha seachtracha as na gníomhaíochtaí coiriúla sin agus d'fhéadfaidís cur isteach ar fheidhmiú Schengen.

Tá dlús á chur le margadh na smuigleála imirceach chuig an Aontas agus laistigh den Aontas ag na géarchéimeanna éagsúla atá ag teacht chun cinn agus ag doimhniú, go háirithe cúluithe eacnamaíocha, éigeandálaí comhshaoil arb é an t-athrú aeráide is cúis leo, agus coinbhleachtaí leanúnacha, mar aon le brú déimeagrafach in go leor tíortha tionscnaimh[1]. Is dearbhú ar na treochtaí sin na mórimeachtaí a thit amach i gcomharsanacht na hEorpa le tamall anuas[2].

PUBLIC

An bhfuil an fhreagairt atá á tabhairt faoi láthair ar smuigleáil imirceach curtha in oiriúint againn don réaltacht athraitheach sin agus an féidir aghaidh a thabhairt ar na rioscaí siúd ar bhealach comhordaithe? Pléifear an tsaincheist sin ag Comhairle Schengen an 19 Deireadh Fómhair 2023, ag eascairt as an bplé a rinneadh ag Comhairle Schengen i mí na Nollag 2022[3]. Socrófar ansin ar roinnt gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh, agus molfar réitigh inbhuanaithe chun a áirithiú go mbeidh freagairt chomhordaithe ag an Aontas ar na riachtanais a shainaithnítear. Beidh torthaí an phlé sin ábhartha go tráthúil, i gcomhthéacs na bhfógraí a thug Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh san aitheasc ar Staid an Aontais agus sa Phlean 10 bPointe a fógraíodh in Lampedusa i mí Mheán Fómhair 2023. Bhí smuigleáil imirceach ar cheann de na hábhair sa phlé a rinne na hairí ar ghné sheachtrach an tearmainn agus na himirce ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 28 Meán Fómhair 2023, plé inar dhearbhaigh an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige, ag deireadh mhí na Samhna 2023, Comhdháil Idirnáisiúnta a eagrú maidir le smuigleáil imirceach a chomhrac. Is den tábhacht go bpléifidh na ceannairí go luath gné sheachtrach na himirce freisin, ag Comhairle Eorpach an 26-27 Deireadh Fómhair 2023.

**I bhfianaise Baraiméadar Schengen + a eisíodh i mí Dheireadh Fómhair 2023, iarrtar ar na hairí príomhghníomhaíochtaí a phlé agus a chomhaontú, ar freagairt chuimsitheach chomhtháite iad ar smuigleáil imirceach, ar bhonn na ndúshlán agus na riachtanas a shainaithnítear sa pháipéar seo (Iarscríbhinn).**

---

[1] Europol (2023): Tuarascáil spotsolais ó Europol: Na líonraí coiriúla taobh thiar den smuigleáil Imirceach; ar fáil go poiblí anseo: [Spotlight report: migrant smuggling networks and their methods | Europol (europa.eu)](https://www.europol.europa.eu).

[2] Is é 232 350 líon na dtrasnuithe teorann neamhrialta a thaifead an tAontas don tréimhse Eanáir-Lúnasa in 2023, ar méadú 18 % é sin i gcomparáid le 2022, an líon is airde é ó bhí 2016 ann (Frontex).

In 2023, is ag teorainneacha an Aontais ar bhealach imirce na Meánmhara Láir a rinneadh leathchuid de na braití, rud a fhágann gurb é sin an bealach imirce is dinimiciúla, mar rinneadh dhá oiread (+ 96 %) trasnuithe teorann neamhrialta idir mí Eanáir agus mí Lúnasa. In 2023, is as an Túinéis a tháinig 70 % de na daoine a tháinig isteach san Iodáil agus 70 % acu sin tháinig siad i dtír in Lampedusa. In ainneoin gur tugadh i gcrích comhaontú idir an tAontas agus an Túinéis le déanaí chun dul i ngleic le smuigleáil imirceach, tá méadú tagtha le linn an tsamhraidh ar an smuigleáil de thionscnamh na Túinéise. Ina theannta sin, meastar go mbeidh méadú ar an éileamh ar sheirbhísí smuigleála mar thoradh ar an stoirm tubaisteach a bhuail oirthuaisceart na Libia i mí Mheán Fómhair 2023.

Léiríonn na sonraí atá againn faoi láthair nach dtagann smuigléirí imirceach mórán faoi raon lucht forfheidhmithe dhlí an Aontais agus go bhfuil na líonraí coiriúla sin fós gníomhach i limistéar Schengen agus go n-éascaíonn siad gluaiseachtaí tánaisteacha ann (Europol).

[3] 15086/22.

**CEITHRE PHRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT CHUN FREAGAIRT CHUIMSITHEACH A THABHAIRT AR SMUIGLEÁIL IMIRCEACH**

PUBLIC

## I. Feasacht staide chomhroinnte a fheabhsú

1. Iarrtar ar na **Ballstáit**, ag tús aon imscrúdaithe chun cros-seiceálacha a chumasú, faisnéis lena n-áirítear faisnéis a fhaightear i dtríú tíortha[4] a roinnt go réamhghníomhach leis an Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach (EMSC), i gcomhthéacs an Tionscadail Anailíse oibríochtúil maidir le smuigleáil imirceach.
   - ➔ Iarrtar ar **Europol** anailís tosaigh a chur ar fáil don chéad chruinniú eile de Chomhairle Schengen i mí na Nollag 2023 ar theacht chun cinn na faisnéise arna roinnt ag na Ballstáit agus ag Frontex.

2. Iarrtar ar **Frontex, Europol agus Eurojust agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA**) forléargas a thabhairt agus anailís a dhéanamh go comhpháirteach ar staid na smuigleála imirceach. Iarrtar ar an **nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA)** agus Gníomhaireachtaí CGB neart a chur le comhar straitéiseach idirghníomhaireachta, malartú faisnéise agus anailís.
   - ➔ Iarrtar ar **Frontex, Europol, Eurojust agus EUAA** an léargas agus an anailís chomhpháirteach a ullmhú ar an staid maidir le smuigleáil imirceach, go háirithe bunaithe ar fhaisnéis a fhaightear ó na Ballstáit agus ó chomhlachtaí/líonraí ábhartha eile de chuid an Aontais mar shampla misin CBSC, in am chun é a chur san áireamh i mBaraiméadar Schengen mhí an Mhárta 2024, agus go rialta ina dhiaidh sin.

3. Iarrtar ar na **Ballstáit** chun córais faisnéise CGB a chothú go gníomhach agus chun seiceálacha córasacha a dhéanamh sna bunachair sonraí ábhartha[5], i dtríú tíortha, ag na teorainneacha seachtracha agus laistigh de limistéar Schengen. Iarrtar ar **Europol** sonraí ábhartha a chur ar fáil do na Ballstáit le haghaidh imscrúduithe i gcomhrac na smuigleála imirceach. Iarrtar ar na **Ballstáit** sonraí pearsanta a chomhroinnt go réamhghníomhach le Europol trí SIENA.
   - ➔ Iarrtar ar **Europol, Frontex agus eu-LISA** nuashonrú bliantúil a chur ar fáil, trí Bharaiméadar Schengen +, do Chomhairle Schengen maidir leis an úsáid a bhaineann na Ballstáit as na bunachair sonraí sin, ag tosú le Comhairle Schengen mhí na Nollag 2023.

[4] Go háirithe faisnéis arna fáil ag oifigigh idirchaidrimh inimirce arna bpostú i dtríú tíortha, i gcomhthionscadail chomhpháirtíochta oibríochtúla, agus i misin an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC).
[5] Lena n-áirítear SIS, SIENA/EIS, FIELDS, FADO agus SLTD de chuid Interpol.

4. Iarrtar ar **Aonad Atreorúcháin ar Líne an Aontais agus EMSC, dhá ghníomhaireacht faoi scáth Europol**, teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh leis na **Ballstáit** chun lorg digiteach na líonraí smuigleála imirceach a mhapáil.
   - ➔ Iarrtar ar **Europol – EMSC agus Aonad Atreorúcháin ar Líne an Aontais** – tuairisciú go rialta trí Baraiméadar Schengen + ar an tacaíocht a thugtar do na Ballstáit, ag tosú i mí na Nollag 2023.

PUBLIC

5. Iarrtar ar an **gCoimisiún, SEGS, Gníomhaireachtaí CGB agus na Ballstáit** faisnéis a bhailiú maidir leis an ról éascaithe a bhíonn ag gníomhaithe seachtracha in imirce neamhrialta darb aidhm an tAontas Eorpach nó na Ballstáit a dhíchobhsú.
   - ➔ Iarrtar ar **Ghníomhaireachtaí CGB** agus ar na **Ballstáit** faisnéis a chomhroinnt sna fóraim ábhartha, lena n-áirítear i gcás tuarascálacha ar Fheasacht agus Anailís ar an Suíomh agus ar an Ullmhacht agus um Bainistiú Géarchéimeanna i ndáil leis an Imirce.
   - ➔ Iarrtar ar **Líonra an Aontais um Ullmhacht agus um Bainistiú Géarchéimeanna i ndáil leis an Imirce** faireachán a dhéanamh ar an staid i réigiúin riosca agus sonraí agus faisnéis chomhiomlánaithe maidir le gníomhaíochtaí líonraí coiriúla, *modi operandi* agus bealaí arna gcomhroinnt ag Gníomhaireachtaí CGB agus na Ballstáit maidir le Feasacht agus Anailís ar an Suíomh a chomhtháthú go tráthúil. Iarrtar ar **SEGS** feasacht staide a sholáthar bunaithe ar thuairisciú Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais. Iarrtar ar **SEGS (trí thoscaireachtaí AE)** tuairisciú go tréimhsiúil ar leibhéal an chomhair a dhéanann tríú tíortha i gcomhrac na smuigleála.

## II. Creat dlíthiúil an Aontais maidir le smuigleáil imirceach a threisiú

1. Is díol sásaimh an togra ón **gCoimisiún** le haghaidh reachtaíocht chun creat dlíthiúil an Aontais maidir le smuigleáil imirceach a threisiú, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann leis an méid a leanas: smachtbhannaí, rialachas, sreabha faisnéise, agus ról ghníomhaireachtaí CGB.
   - ➔ Iarrtar ar an **gCoimisiún**, i dteannta na dtograí reachtacha nua, forléargas a thabhairt ar chur chun feidhme na gcreataí oibríochtúla agus dlíthiúla, lena n-áirítear plean gníomhaíochta athnuaite an Aontais i gcoinne smuigleáil imirceach (2021-2025), creat dlíthiúil an Aontais agus an reachtaíocht atá ag na Ballstáit faoi láthair maidir le dul i ngleic le smuigleáil imirceach.

## III. Comhar oibríochtúil Eorpach a neartú agus a chomhtháthú

PUBLIC

1. Iarrtar ar na **Ballstáit** méadú a dhéanamh ar imscrúduithe comhpháirteacha ar spriocanna ardluacha sainaitheanta agus líonraí coiriúla ardriosca agus tacaíocht á fáil acu ó **Eurojust** agus **Europol** trí thascfhórsaí oibríochtúla agus i ndlúthchomhar leis an Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT). Iarrtar ar na Ballstáit patróil chomhpháirteacha spriocdhírithe agus oibríochtaí comhpháirteacha eile a bhunú/imscaradh, lena n-áirítear ar líne, bunaithe ar réamhanailís[6]. Iarrtar ar **Ghníomhaireachtaí CGB** a rannpháirtíocht in **EMPACT** a uasmhéadú agus, laistigh dá sainorduithe faoi seach, gníomhaíochtaí comhpháirteacha a bhunú. Iarrtar ar na **Ballstáit** agus **gníomhaireachtaí CGB** bheith ag obair trí EMPACT chun sineirgí a chothú idir gníomhaíochtaí oibríochtúla laistigh de na pleananna gníomhaíochta oibríochtúla ábhartha ag a mbíonn tionchar ar smuigleáil imirceach, mar shampla na pleananna sin lena dtéitear i ngleic leis an ngáinneáil ar dhaoine, leis an sciúradh airgid agus leis an gcalaois doiciméad.
   - ➔ Iarrtar ar **Ghníomhaireachtaí CGB**, go háirithe **Europol**, tuairisciú go rialta trí Baraiméadar Schengen + maidir le rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát sa chomhar oibríochtúil trí EMPACT, ag tosú i mí na Nollag 2023.
   - ➔ Iarrtar ar an **gComhairle agus Parlaimint na hEorpa (mar údaráis bhuiséadacha), ar an gCoimisiún agus ar Bhord Bainistíochta Europol** cistiú leordhóthanach a áirithiú chun tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus digitiú an ardáin trína mbuiséad oibríochtúil in 2024-2025 agus ina dhiaidh sin.

2. Iarrtar ar na **Ballstáit** an leas is fearr is féidir a bhaint as tacaíocht Eurojust i gcásanna smuigleála imirceach, agus leas á bhaint as speictream iomlán na n-uirlisí breithiúnacha atá ar fáil, lena n-áirítear foirne imscrúdaithe comhpháirteacha agus uirlisí oibríochtúla. Iarrtar ar na húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta a bheith rannpháirteach sa Tascfhórsa Idirchaidrimh Comhpháirteach maidir le Smuigleáil Imirceach agus Gáinneáil ar Dhaoine.
   - ➔ Iarrtar ar **Eurojust** tuairisciú go rialta ar thacaíocht do na Ballstáit maidir le smuigleáil imirceach trí Bharaiméadar Schengen +, ag tosú i mí na Nollag 2023.

[6] Moladh (AE) 2022/915 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí.

3. Iarrtar ar na **Ballstáit**, mar réamhshocrú, imscrúduithe airgeadais agus nósanna imeachta aisghabhála sócmhainní in imscrúduithe coireachta eagraithe a dhéanamh le tacaíocht ó **Lárionad Europol um Choireacht Airgeadais agus Eacnamaíoch** agus **Eurojust**.
   - ➔ Iarrtar ar **Europol (an Lárionad Eorpach um Choireacht Airgeadais agus Eacnamaíoch) agus Eurojust** tuarascáil chomhpháirteach ar an ábhar sin a chur ar fáil faoi mhí an Mheithimh 2024, bunaithe, *inter alia*, ar fhaisnéis a fuarthas ó na Ballstáit agus ó chomhlachtaí/líonraí ábhartha eile de chuid an Aontais.

PUBLIC

4. Iarrtar ar na **Ballstáit** smuigleáil imirceach a chumhdach go héifeachtach, nuair a bheidh a straitéisí náisiúnta um bainistiú comhtháite ar theorainneacha á n-ailíniú acu le straitéis ilbhliantúil an Aontais maidir le bainistiú comhtháite ar theorainneacha seachtracha.
   - ➔ Iarrtar ar na **Ballstáit** a straitéisí náisiúnta maidir le bainistiú comhtháite ar theorainneacha, ar cheart dóibh smuigleáil imirceach a chumhdach, a ailíniú laistigh den tréimhse ama a leagtar amach sa bheartas straitéiseach ilbhliantúil do straitéis ilbhliantúil an Aontais maidir le bainistiú comhtháite ar theorainneacha seachtracha.

5. Iarrtar go gcothófaí córais **náisiúnta** um fhaireachas comhtháite ar theorainneacha go córasach le hanailísí riosca agus measúnuithe leochaileachta, go háirithe na hanailísí sin agus na measúnuithe sin a ullmhaíonn Frontex go tráthrialta.
   - ➔ Iarrtar go gcuirfí **Comhairle Schengen** ar an eolas go rialta faoi na leibhéil tionchair a leithdháiltear ar chodanna den teorainn sheachtrach chun gur fearr is féidir gníomhaíochtaí faireachais a fhócasú.

6. Iarrtar ar na **Ballstáit** feabhas a chur ar cháilíocht na seiceálacha teorann agus úsáid a bhaint as tacaíocht oibríochtúil Frontex de réir mar is ábhartha, go háirithe ag pointí iontrála leochaileacha agus ardriosca lena n-áirítear an fhéidearthacht cistiú a fháil ón Aontas.
   - ➔ Trí Bharaiméadar Schengen+ mhí na Nollag 2023, iarrtar ar an **gCoimisiún** an chéad fhorléargas cothrománach trasearnálach a sholáthar ar na príomheasnaimh a imríonn tionchar diúltach ar shlándáil theorainneacha an Aontais, bunaithe ar thorthaí mheastóireachtaí Schengen agus ar an measúnú leochaileachta ó **Frontex**.

7. Iarrtar ar an **nGrúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí d'fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí** réitigh a chur ar fáil lena dtabharfaí do chleachtóirí rochtain leordhóthanach ar shonraí.

   ➔ Iarrtar ar an **gCoimisiún** tuarascáil a eisiúint chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa ina gcuirfear i láthair príomhthorthaí an Ghrúpa Ardleibhéil Saineolaithe agus gníomhaíochtaí leantacha a mholadh faoi dheireadh 2024.

PUBLIC

## IV. An leas is mó is féidir a bhaint as na sineirgí le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh

1. Cur chun feidhme éifeachtach comhpháirtíochtaí oibríochtúla frithsmuigleála le tríú tíortha nó réigiúin a fhorbairt agus a áirithiú i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, chun tacú le gníomhaíochtaí mar shampla acmhainneacht bainistithe teorainneacha tíortha comhpháirtíochta a fheabhsú, fothú acmhainneachta, tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil d'fhorfheidhmiú an dlí agus don chomhar breithiúnach agus comhar maidir le calaois doiciméad a threisiú.

   ➔ Iarrtar ar na **Ballstáit** agus ar an g**Coimisiún** comhpháirtithe féideartha nua a shainaithint do chomhpháirtíochtaí oibríochtúla frithsmuigleála. Iarrtar ar na **Ballstáit** leanúint den obair le bearta nithiúla chun cur chun feidhme éifeachtúil na gcomhpháirtíochtaí oibríochtúla frithsmuigleála arna seoladh a áirithiú.

2. Bearta nithiúla a shainaithint chun an malartú faisnéise le tríú tíortha maidir le smuigleáil imirceach a fheabhsú, lena n-áirítear maidir le tacaíocht *ad hoc* d'imscrúduithe leanúnacha, trí bhíthin naisc nua SIENA d'oifigigh idirchaidrimh inimirce na mBallstát agus tionscadail arna maoiniú ag an Aontas lena ndírítear ar smuigleáil imirceach i dtríú tíortha, agus trí chomhpháirtíochta atá ann cheana laistigh den Teach Imréitigh Faisnéise ag EMSC (Europol, Frontex, Interpol, Oibríocht Irini). Dá bhrí sin, feasacht staide agus córais réamhrabhaidh a fhorbairt.

   ➔ Iarrtar ar na **Ballstáit** agus an **Coimisiún** teacht ar chomhaontú maidir le treochlár chun féidearthachtaí a fhiosrú ar an leibhéal teicniúil.

   ➔ Iarrtar ar an g**Coimisiún** dlús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontuithe comhair idir Europol/Eurojust agus tíortha comhpháirtíochta chun malartú sonraí chun críocha oibríochtúla a éascú.

➔ Iarrtar ar **Frontex** leas iomlán a bhaint as a shainordú oibriú i dtríú tíortha trí dhálaí buntáisteacha a chruthú le haghaidh láithreacht oibríochtúil agus struchtúir roinnte faisnéise atá sonrach don réigiún.

***Tá Comhairle Schengen, i gcomhar leis an gCoimisiún agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí thuas agus as cinntí a dhéanamh maidir leis na dúshláin atá fós ann.***

***Ba cheart don Choimisiún tuarascálacha rialta a chur chuig Comhairle Schengen maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí thuas. Ba cheart an tuairisciú sin a bheith bunaithe, i measc nithe eile, ar an bhfaisnéis agus an anailís a chuirfidh gníomhaireachtaí an Aontais agus na Ballstáit ar fáil. Ba cheart an tuairisciú a chur ar fáil go háirithe sa tuarascáil bhliantúil ar Staid Schengen[7].***

[7] Is í an tuarascáil atá le cur ar fáil ag an gCoimisiún faoi mhí Aibreáin 2024 do Chomhairle Schengen mhí an Mheithimh 2024 an chéad tuarascáil ar staid Schengen ar cheart an tuairisciú sin a áireamh inti.



PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

**An choireacht trasteorann a chomhrac, go háirithe smuigleáil imirceach**

PUBLIC

## DÚSHLÁIN AGUS RIACHTANAIS

### 1. Feasacht staide chomhroinnte a fheabhsú

Tá sé léirithe ag líonraí smuigleála imirceach go bhfuil siad solúbtha agus in ann iad féin a chur in oiriúint go tapa d'athruithe ar dhinimic na himirce neamhrialta agus do ghníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí atá ag teacht chun cinn[8]. Tá éagsúlacht i méid na líonraí smuigleála agus bíonn siad ag feidhmiú faoi shamhail ghnó ina gcomhoibríonn coirpigh ar bhonn *ad hoc* nó, nuair is gá, ar bhonn níos buaine. Déantar na bealaí smuigleála agus na modhanna oibre a úsáidtear a choigeartú nuair a threisítear gníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí nó nuair a thagann athrú ar bheartais víosaí agus tearmainn[9].

Chun freagairt d'inoiriúnaitheacht na líonraí coiriúla, tá sé ríthábhachtach feasacht staide chomhroinnte thráthúil a fhorbairt go comhpháirteach.

### 2. Creat dlíthiúil an Aontais maidir le smuigleáil imirceach a threisiú

Le blianta beaga anuas, tá aird ar leith tugtha ag an gComhairle Eorpach ar shlándáil inmheánach limistéar Schengen agus sna conclúidí uaithi an 24-25 Meitheamh 2021, d'athdhearbhaigh sí a thábhachtaí atá an comhrac i gcoinne smuigléirí, chuir sí in iúl gur chúis mhór imní í na forbairtí ar bhealaí imirce áirithe a éilíonn gníomhaíocht phráinneach agus d'iarr sí go mbeadh cur chuige an bhealaigh iomláin ann chun iad a ghleic, lena n-áirítear trí dheireadh a chur leis an smuigleáil agus leis an ngáinneáil[10]. Tar éis an ghlao seo ar ghníomhaíocht, d'athnuaigh an tAontas a Phlean Gníomhaíochta in aghaidh Smuigleáil Imirceach (2021-2025) lena gcuirtear leis an gcomhrac in aghaidh gnó smuigléirí agus líonraí smuigleála. Le déanaí, d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ina haitheasc ar Staid an Aontais, go raibh rún ag an gCoimisiún creat dlíthiúil an Aontais maidir le smuigleáil imirceach a thabhairt cothrom le dáta mar ábhar práinne.

---

[8] Europol (2023): Tuarascáil Spotsolais ó Europol: *Criminal Networks in Migrant Smuggling* [Na líonraí coiriúla taobh thiar den smuigleáil Imirceach]; Ar fáil go poiblí anseo: Spotlight report: migrant smuggling networks and their methods | Europol (europa.eu).

[9] Europol (2023): Tuarascáil Spotsolais ó Europol: *Criminal Networks in Migrant Smuggling* [Na líonraí coiriúla taobh thiar den smuigleáil Imirceach]; ar fáil go poiblí anseo: Spotlight report: migrant smuggling networks and their methods | Europol (europa.eu).

[10] Cruinniú den Chomhairle Eorpach (an 24 agus an 25 Meitheamh 2021) – Conclúidí, EUCO 7/21, an 25 Meitheamh 2021.

Ba cheart measúnú a dhéanamh ar chreat dlíthiúil reatha an Aontais maidir le smuigleáil imirceach, a glacadh in 2002. Go deimhin, in ainneoin Phacáiste na nÉascóirí[11], is cosúil gur gnó an-bhrabúsach é smuigleáil imirceach a bhfuil riosca íseal braite agus pionóis ann do choirpigh[12].

PUBLIC

### 3. Comhar oibríochtúil Eorpach a neartú agus a chomhtháthú

Is cineál casta coireachta í smuigleáil imirceach a bhfuil iarmhairtí aici i réimsí eile den choireacht agus a fhorbraíonn ar bhealach ilghnéitheach.

Chun í a ghleic go héifeachtach ní mór freagairt chuimsitheach, ar an gcéad dul síos trí fheabhas a chur ar an g**comhar oibríochtúil idir na geallsealbhóirí uile feadh an tslabhra choiriúil** agus, chomh maith leis sin, trí **chomhar idirghníomhaireachta agus ildisciplíneach a mhéadú, go háirithe faoi chuimsiú EMPACT**. Ar an gcaoi sin, tá an comhar le gardaí teorann agus, ar bhonn níos ginearálta, **bainistiú** éifeachtach **ar theorainneacha seachtracha** ríthábhachtach sa chomhrac i gcoinne smuigleáil imirceach. Ina theannta sin, is gnó an-bhrabúsach í smuigleáil imirceach, le láimhdeachas bliantúil measta de roinnt billiún euro ar fud an domhain. Dá bhrí sin, ní mór **imscrúdú airgeadais** a chomhtháthú leis an bhfreagairt chuimsitheach sin.

Thairis sin, tá méadú ag teacht ar dhigiteáil na líonraí smuigleála imirceach. Baineann siad **mí úsáid as an timpeallacht ar líne** agus úsáideann siad **cumarsáid chriptithe** chun seirbhísí neamhdhleathacha a sholáthar, a lóistíocht a eagrú agus a mbrabús a dhaingniú[13]. Is gá, dá bhrí sin, acmhainneacht na n-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás breithiúnach ar feadh na mbealaí imirce (lena n-áirítear i dtríú tíortha) a threisiú chun díriú ar láithreacht ar líne líonraí smuigleála agus ar an úsáid a bhaineann siad as teicneolaíocht nua-aimseartha chun críocha cumarsáide.

---

[11] Treoir 2002/90/CE ón gComhairle lena mbunaítear sainmhíniú comhchoiteann ar éascú teacht isteach, idirthurais agus cónaí neamhúdaraithe, ar cion é, agus Cinneadh Réime 2002/946 lena neartaítear an creat coiriúil do na cionta sin. An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht ón gCoimisiún (2020/C 323/01) dar teideal *Commission Guidance on the implementation of EU rules on definition and prevention of the facilitation of unauthorised entry, transit and residence* [Treoir ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme rialacha an Aontais maidir le héascú teacht isteach, idirthurais agus cónaí neamhúdaraithe a shainmhíniú agus a chosc], Deireadh Fómhair 2020

[12] UNODC, Migrant Smuggling A deadly business, ar fáil ag: Migrant Smuggling A deadly business (unodc.org).

[13] Europol, Migrant smugglers and human traffickers: more digital and highly adaptable, [Smuigléirí imirceach agus gáinneálaithe ar dhaoine: níos digití agus an-inoiriúnaithe] ar fáil ag: Migrant smugglers and human traffickers: more digital and highly adaptable | Europol (europa.eu) .

Níos mó ná riamh, chun dul i ngleic le smuigleáil imirceach eagraithe ní mór do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí **rochtain a bheith acu ar shonraí**, lena n-áirítear faisnéis leictreonach agus fianaise atá lonnaithe go hintíre agus thar lear, ní mór dóibh a bheith in ann na sonraí sin a dhíchriptiú chun críche imscrúduithe náisiúnta, nuair is gá, agus iad a choinneáil ar feadh an ama is gá chun imscrúdú a dhéanamh agus triail chóir a chur ar bun.

PUBLIC

Sa chomhrac i gcoinne smuigleáil imirceach, tá sé tábhachtach go dtabharfaí aghaidh ar na naisc atá aici le réimsí coireachta eile ar bhealach comhtháite. Go háirithe, bíonn **gáinneáil ar dhaoine** fite fuaite go rialta le smuigleáil imirceach isteach san Aontas agus ar fud an Aontais. Ar theacht isteach san Aontas dóibh, is minic a bhíonn imircigh neamhrialta faoi réir teacht i dtír gnéasach, dúshaothrú saothair nó cineálacha eile dúshaothraithe. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go ngníomhóidh an tAontas agus na Ballstáit chun **imircigh leochaileacha a chosaint** agus, ag an am céanna, chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac trí chosc, forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach chun déantóirí na coire a thabhairt os comhair na cúirte. Ina theannta sin, ba cheart tuilleadh a dhéanamh chun an comhrac i gcoinne doiciméid chalaoiseacha a neartú, ós rud é gur minic a bhíonn **calaois doiciméad** ina príomhchumasóir d'oibríochtaí coiriúla i réimse na smuigleála imirceach[14].

## 4. An leas is mó is féidir a bhaint as na sineirgí le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh

Chun smuigleáil imirceach a chomhrac, tá gá le comhar agus comhordú idirnáisiúnta le príomhthíortha comhpháirtíochta feadh na mbealaí imirce. Tá go leor dul chun cinn déanta ina leith sin le blianta beaga anuas, lena n-áirítear naisc le **misin CBSC** a neartú, **líonra Eorpach na n-oifigeach idirchaidrimh inimirce** a bhunú, agus na bearta a thíolaic an Coimisiún i b**Pleananna Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an Meánmhuir Láir**, **na Balcáin Thiar** agus an **Mheánmhuir Thiar agus an tAtlantach**. Mar sin féin, ní mór tuilleadh a dhéanamh chun an leas is mó is féidir a bhaint as na sineirgí le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais i dtríú tíortha agus réigiúin tosaíochta. Beidh na comhpháirtíochtaí oibríochtúla frithsmuigleála ina ndlúthchuid de chomhpháirtíochtaí imirce an Aontais le tíortha tionscnaimh agus idirthurais. Beidh cur chuige níos comhordaithe agus níos struchtúrtha maidir le comhar oibríochtúil le tíortha comhpháirtíochta chun an smuigleáil imirceach a chomhrac dá bhrí sin.

---

[14] an Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach (EMSC) (2022), 6ú Tuarascáil Bhliantúil, 2022, ar fáil ag: EMSC 6th Annual Report.pdf (europa.eu).